27 Feabhra 2020

San eagrán seo:

- Focal Fáilte
- Sábháil an dáta!
- Tacaíocht do pháistí óga a bhfuil disléicse orthu
- An bhfuil físeáin nua Gaeloideachas ar an disléicse feicthe agat?
- Cúpla meabhú don seomra naíonra nó seomra ranga
- Sparánachtaí Taighde & Scéimeanna Maoinithe COGG
- ...agus rud amháin eile!

Tá go leor forbairtí agus dul chun cinn déanta le tamall anuas ag Gaeloideachas sa réimse riachtanais speisialta oideachais san earnáil lán-Ghaeilge, agus tá an-áthas orm a bheith in ann roinnt de sin a roinnt libh.

Táimid ag pleanáil faoi láthair do **dhá ócáid do thuismitheoirí** a bhfuil páiste acu le RSO nó a bhfuil spéis acu a gcuid páistí a chur go scoil lán-Ghaeilge nó Ghaeltachta ach go bhfuil soiléiriú de dhíth orthu ar dtús faoi na bealaí a mbeidh an scoil in ann tacú leo. Feicfidh tú na sonraí thíos faoi seo agus bheimis fíorbhuíoch díbh as bhur dtuismitheoirí a chur ar an eolas faoi.

Táimid ag obair go dian le cúpla eagraíocht náisiúnta eile chun **bileoga eolais do thuismitheoirí** a fhorbairt in éindí leo a bheidh mar acmhainn eolais do scoileanna agus do thuismitheoirí. Is gearr do mbeidh na bileoga seo ag teacht chugaibh:-

1. Disléicse agus an t-oideachas lán-Ghaeilge (i gcomhar le Cumann Disléicse na hÉireann)

2. Uathachas agus an t-Oideachas lán-Ghaeilge (i gcomhar le Cumann Uathachas na hÉireann)

3. Riachtanais Speisialta Oideachais agus an t-Oideachas lán-Ghaeilge (i gcomhar leis an NCSE)

Tá Gaeloideachas páirteach i mbunú agus forbairt ***An Cumann Gael-litearthachta*** i gcomhar le taighdeoirí agus eagraíochta eile, agus faoi stiúir Emily Barnes. Is é an sprioc a bhaineann leis an gCumann ná eolas agus taighde a scaipeadh faoi chúrsaí litearthachta agus an disléicse do phobal na Gaeilge. I measc spriocanna an Chumainn áirítear pacáiste eolais a fhorbairt do scoileanna maidir leis na himpleachtaí a bhaineann leis an díolúine ó staidéar na Gaeilge agus na laigí a bhaineann leis an gcóras nua atá i bhfeidhm. Bígí ag faire amach don suíomh gréasáin a bheidh le fógairt go luath.

Mar ionadaí na hearnála seo ar an gComhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta **(NCSE)**, áirím go bhfuil deis iontach agam feasacht agus tuiscintí páirtithe eile a mhéadú faoi chur chuige agus riachtanais forbartha na scoileanna lán-Ghaeilge agus Gaeltachta. Tugann an deis seo guth cothrom dúinn ag an tábla. Bígí i dteagmháil linn anseo in Gaeloideachas má tá ceisteanna nó moltaí agat atá chun leasa daltaí sa chóras lán-Ghaeilge agus Gaeltachta.

Beir bua,

Gaeloideachas / Príomhoide Ghaelscoil Bhaile Brigín



Sábháil an dáta!

Ócaidí do thuismitheoirí agus chaomhnoirí ar RSO i mBaile Átha Cliath agus i nGaillimh

Beidh dhá ócáid do thuismitheoirí dírithe ar riachtanais speisialta oideachais sa chóras lán-Ghaeilge agus Gaeltachta ar siúl ag Gaeloideachas le linn an earraigh. Beidh painéal saineolaithe, cleachtóirí agus tuismitheoirí ann ag plé ceisteanna éagsúla agus ag tabhairt cainteanna agus comhairle ar shainábhair faoi leith.

Beidh an chéad ócáid ar siúl in **Óstán Chuan na Gaillimhe**, ar an **26 Márta 19.00-21.00**.

Beidh an dara hócáid ar an **30 Aibreán 19.00-21.00** ar Champas Phádraig, Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath i Léachtlann Seamus Heaney (G114), urlár na talún Leabharlann Uí Chriagáin.

Beidh clárúchán agus soláistí ann don dá hócáid ó 18.30-18.45. Tosóidh na himeachtaí ansin ag a 19.00 le fáiltiú ginearálta agus beidh painéil éagsúla ag caint ar dhisléicse, uathachas, agus deacrachtaí urlabhra, teanga agus cumarsáide.

Beidh na hócáidí seo an-úsáideach do thuismitheoirí a bhfuil páistí le riachtanais bhreise acu sa chóras cheana féin, mar aon le tuismitheoirí a bhfuil suim acu a bpáistí a chlárú i naíonra nó i scoil lán-Ghaeilge nó Ghaeltachta

breis eolais ar shuíomh Gaeloideachas in am trátha. Is féidir clárú le freastal ar na hócáidí seo trí ríomhphost a chur chuig eolas@gaeloideachas.ie. Scaip an scéal agus na póstaeir thíos ar na tuismitheoirí a mbíonn tú ag plé leo.

Póstaer Gaeilge le híoslódáil

Póstaer Béarla le híolódáil

Tacaíocht do pháistí óga a bhfuil disléicse orthu

Tá disléicse an-choitianta – tá sé ar thart ar 10% den phobal. Níor cheart go gcuirfidh sé bac ar dhaoine aon bhóthar a leanúint gur mian leo. Is é an rud is tábhachtaí ná deacrachtaí a aithint agus tacaíocht a chur ar fáil a luaithe agus is féidir.

Scileanna réamhléitheoireachta
Tagann scileanna agus cumais gach páiste chun cinn ag rátaí difriúla agus bíonn láidreachtaí éagsúla ag gach páiste. Mar sin féin, is maith súil a choinneáil ar na scileanna seo a leanas sna luathbhlianta:

- Fuaimeanna éagsúla a aithint óna chéile (e.g. d vs t, i vs í)
- Focail a bhriseadh síos ina bhfuaimeanna (e.g. cóta = c – ó – t – a)
- Fuaimeanna a chur le chéile le focal a dhéanamh (e.g. p + o + t + a = pota)
- Ainmneacha na litreacha a fhoghlaim.

an rud béim a chur ar na fuaimeanna atá tábhachtach sa Ghaeilge, mar shampla (i) consain le séimhiú (e.g. a **c**os vs a **ch**os), (ii) consain leathana agus consain chaola (e.g. **t**á vs **t**each) agus (iii) gutaí gairide agus gutaí fada (e.g. **i** vs **í**).

Tús na léitheoireachta

Nuair a thosaíonn páistí ar fhoghlaim na léitheoireachta, is í an scil is tábhachtaí na an nasc idir litir agus fuaim a fhoghlaim. Tá an scil sin ag teastáil le focail nua a léamh nó le focail a chloistear a litriú. Tagann feabhas air seo de réir a chéile, ach má tá deacracht ag páiste leis, cuir tacaíocht ar fáil dó/di.
Ba cheart go mbeadh fónaic lárnach, cé go bhfuil gá le focail áirithe a fhoghlaim mar “amharcfhocail”. Tá an litriú an-tábhachtach chomh maith. Is féidir rudaí nithiúla (litreacha adhmaid, mar shampla) a úsáid agus bréagfhocail a chruthú le cleachtadh a dhéanamh ar na rialacha litrithe.

Máistreacht a fháil ar an léitheoireacht

Más cosúil go bhfuil deacracht ag páiste focail scríofa a ghreamú leis an bhfocal ó bhéal is féidir rudaí éagsúla a dhéanamh. Cleachtas amháin atá éifeachtach ná léitheoireacht leantach (repeated reading) ina léitear an téacs céanna cúpla uair go dtí go dtagann feabhas ar chruinneas agus luas na léitheoireachta. Tá sé tábhachtach, dar ndóigh, go mbeadh suim ag an bpáiste in ábhar an téacs agus tá sé cabhrach má tá sprioc deimhin acu.

Comharthaí eile

Má tá deacrachtaí léitheoireachta ag duine, seans go mbeidh cuimhne fheidhmiúil níos giorra acu. Níor cheart go gcuirfí brú ar an duine, is í an timpeallacht foghlama atá le hathrú – cabhraíonn treoracha níos simplí, dathchodú ar leabhair/cóipleabhair agus meabhrúcháin níos minice leis seo.

Teicneolaíocht

Is féidir leis an ríomhaire a bheith ina chabhair mhór. Is féidir uirlisí a úsáid le meabhairmhapa (mind maps) a chruthú, litriú a sheiceáil (cruinneog.com), nó téacs a léamh amach (abair.ie), mar shampla.

Ar mbuíochas le Emily Barnes, Taighdeoir PhD leis an tSaotharlann Foghraíochta agus Urlabhra, TCD as an alt seo a scríobh dúinn.

"Caithfimid timpeallacht foghlama a chur ar fáil ar féidir gach duine foghlaim ann agus ba chóir dúinn deiseanna a chur ar fáil do dhaoine seachas iad a bhaint"

An bhfuil físeáin nua Gaeloideachas ar an disléicse feicthe agat?

Tá dhá fhíseán nua ar an disléicse curtha le chéile ag Gaeloideachas le cúnamh ó Emily Barnes, taighdeoir PhD i gColáiste na Tríonóide. Díríonn na físeáin seo ar roinnt de na buntáistí agus deiseanna a bhaineann le foghlaim na Gaeilge agus buntáistí an dátheangachais do pháistí a bhfuil disléicse orthu. Tá leagan Gaeilge agus Béarla ar fáil ar chainéal Youtube Gaeloideachas. Féach orthu thíos agus ná déan dearmad ar iad a roinnt le pobal an naíonra agus na scoile.

Disléicse & Foghlaim na Gaeilge

Buntáistí na Gaeilge

Cúpla meabhú don seomra naíonra nó seomra ranga le cabhrú le daoine a bhfuil uathachas orthu

Dar ndóigh, tá gach éinne a bhfuil uathachas orthu uathúil agus bíonn riachtanais éagsúla acu. Go minic, áfach, is féidir leis an seomra naíonra nó an seomra ranga bheith deacair dóibh. Seo ábhar machnaimh bunúsach a bhféadfaí a úsáid le cabhrú le daoine óga a bhfuil uathachas orthu bheith níos sona agus compórdaí.

- An ndéantar comhairliúchán le tuismitheoirí nó leis na daltaí roimh thús an téarma le moltaí a fháil maidir le conas freastal ar aon dúshláin atá ag an duine i leith sóisialú, próiseáil chéadfach nó díriú ar thascanna? Céard a oibríonn dóibh agus céard nach n-oibríonn?

spraoi agus foghlama faoi leith?
- An bhfuil athbhreithniú déanta ar na taispeántais ar na ballaí? Má tá siad róghnóthach, rólán nó míshlachtmhar d'fhéadfadh siad cur le róspreagthacht daoine.
- Céard a dhéantar le fuaimeanna éagsúla sa seomra ranga a laghdú? An múchtar an teilifís, raidió, callairí agus ríomhairí mar shampla nuair nach bhfuil siad in úsáid? Cabhraíonn sé cinntiú nach bhfuil aon drantán nó fuaimeanna leanúnachta ag teacht uathu a gcuirfeadh isteach ar dhaoine.

Tá sé seo bunaithe ar sheicliosta atá forbartha ag ASIAM. Is féidir breathnú ar acmhainní eile dá gcuid thíos.

Acmhainní ó ASIAM

Sparánachtaí Taighde & Scéimeanna Maoinithe COGG

Tá scéimeanna maoinithe áiseanna agus taighde 2020 COGG ar oscailt anois. Tá deiseanna iontacha ann do dhaoine a bhfuil suim acu taighde a dhéanamh nó áiseanna a fhorbairt i réimse leathan ábhar - riachtanais speisialta oideachais agus tacaíocht foghlama ina measc. Tá tacaíochtaí maidir le hábhar taighde ar fáil sna réimsí seo:

- Tacaíochtaí cuí do pháistí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu i scoileanna Gaeltachta agus/nó lán-Ghaeilge
- Measúnú teanga sa scoil Ghaeltachta agus/nó lán-Ghaeilge

Fáilteofar roimh iarratais do mhaoiniú d'fhorbairt áiseanna teagaisc agus foghlama sa réimse seo freisin:

- Riachtanais oideachais speisialta/ tacaíocht foghlama

Dáta deiridh d'iarratais: Dé Luain an 2 Márta 2020 4 p.m.

Breis eolais ó COGG anseo

...agus rud amháin eile!

Tá **taighde luachmhar** ar thacaíochtaí riachtanacha do dhaltaí le riachtanais bhreise oideachais i scoileanna Gaeltachta agus lán-Ghaeilge leis an Dr Sinéad Andrews, Ollamh Cúnta, Scoil an Oideachais Ionchuimsithigh agus Speisialta, Institiúid Oideachais OCBÁC ar fáil anois. Comhghairdeas le Sinéad as an taighde tábhachtach seo a chur i gcrích.

Taighde nua le Dr Sinéad Andrews

Roinn ar Facebook **Tvuít**

Copyright © 2020 GAELOIDEACHAS
All rights reserved. Gach ceart ar cosaint.

díchláraigh ón liosta seo